

# GALWAY BLAZERS

Píobaire beag a bhí ag gul thart annseo leithchéad bliain ó shoin as Baile an Róba a theagadh sé ach ba as Corcaigh ó cheart é. Tháinig sé anuas chun na tíre seo agus chur sé faoi i mBaile an Róba. John Fitzgerald a bhí air. Cé go mba sloinneadh mór a shloinneadh ní fhaca tú ariamh fear chomh beag leis agus d'imthigh sé le ceird an phíobaire.

Bhíodh sé ag casadh amhrán i n-éindigh leis an gceol agus chuala mé an t-amhrán faoi na Galway Blazers dhá rádh faoi dhó aige. Níor chuala mé ach faoi dhó é. Ní bheadh an t-iomlán agam.

Siod é suas an coileán rua  
Bhí fíor ghlic luath ina luidhe sa luachair  
Agus barr a chluas in airde  
Agus go mba mhinic é a fiadhach do ghéabhaí.  
  
A mhuinntir na mbailteacha  
Mara gcuiridh sibhse bhur ngéabhaí faoi ghéarghlas  
Báinfidh mise súp as  
a gcnámhaí más féidir.

An chaoi ar tugadh Blazers ar fhearaibh na Gaillimhe chuadar ar cuireadh ag fiadhach sionnach go Cill Choinnigh. Bhí an lá chomh maith aca nuair a tháinigedar isteach trathnóna tóbair iad an teach a lasadh ar an duine uasal. Bhí dinnéar chomh maith aca i ndiaidh an lae go rabhadar spóirteamhail. Bhíodar ag ól agus ag caitheamh tobac agus hóbair iad an teach a chur trí theine leis an tobac. Séard a thug far an tighe ortha "The Galway Blazers."

Seán Ó Muineacháin  
Domhnach Padraic  
14/3/38

Mairéad Nic Eoinin  
Cnocán a' Choilleacháin  
in aice Cnuic Meadha,

Bhí an t-agard dá fhuadach uaithe. Triúr mac aice dá chúdach.

An fear is óige a bheireas ar an ngadaidhe.

Pósadh le inghin Rí Laighin.

Cluais le héisteacht, tóin iarainn,

Cos faoi chrois,

Lámh fhada agus lámh ghearr.

Seán Ó Muineacháin  
An Sgolb Glas  
Sean-sgéal Ó Muirís an Píobaire

Bhíodh sé ag seinm san halla ag Mac Gearailt a bhí ina chomhnaidhe i gCathair na Heena nuair a bhíodh dinnéar aige.

Muirdiabhach Ó Muirghéis

Muirdiabhach Píobaire

Píobaire siré a bhí ann. Bánúigheadh Mac Gearailt. Ins na tighthe beaga bhíodh an píobaire ina shuidhe ar chathaoir thuas ar an mbord.

An táilliúr ina Phaitsín Ó Laimh

(Ughacht a rinne an sagart)

Look at my Hat

“Féach ar mo Hata”

Fear a d’fhág dhá thuistiún i dtrí theach ósda agus é a’ gul go Sasana.

Cairréaraí

Ó Chaisleán a’ Bharraigh go Gaillimh, sheasaidís ag Tigh Sheáinín Gabha in aice le Domhnach Pádraic. Oidhche na Gaoithe Móire bhí daoine ag ól ann.

An stocaire tuatach—fear nár ioc a sgór. “Níor bhlaoigh mé agus níor íoc mé.”

“Ar ól tú?”

“D’Ólas.”

“Cuirim fine dúbailte ort agus stocaire tuatach mar leas-ainm ort.”

Úna Ní Chatháin

Cill a’ Manach, Cathair Loistreáin.

Gibidín Geabaidín agus Boilgín Buidhe

Sgéal a bhí ag Úna Ní Chatháin

Trí éan a ndearnadh prionnsaí díobh

Leigheas ar an bhfaithne

Uisge cloch gan iarraidh

Ní dá iarraidh atá mé

Ach faithne beag a chuir Dia orm

Agus ag iarraidh a leigheas atá mé